



BABHTA COIMISIÚNAITHE SCEIDEAL 2022/2023

Spríoc-am d'iarratais chuig TG4 – 5pm Dé Luan an 26 Meán Fómhar 2022

BABHTA COIMISIÚNAITHE SCEIDEAL 2023/20234

Spríoc-am d'iarratais chuig TG4 – 5pm Dé Luan an 26 Meán Fómhar 2022

Fáilteoidh TG4 roimh iarratais ón earnáil léiriúcháin neamhspleách chun cláir aonair, sraitheanna, a sholáthar do sceideal cláir TG4 faoi na réimsí atá sonraithe thíos. Fáilteofar roimh smaointe clár agus sraitheanna a bheadh tráthúil agus a bheadh mar sheoid don sceideal le linn 2023 agus 2024. Tabhair árd faoi leith do ócáidí ceiliúradh i rith na bliana, leithéidí Lá le Padraig, an Cháisc, an Nollag srl.

De réir mar atá tírdhreach na craoltóireachta ag éirí níos scoilte, tá aitheantas bainte amach ag TG4 as nuálaíocht, físiúlacht, cruthaitheacht agus thar aon ní eile láidreacht na scéalaíochta atá mar bhunús gach réimse cláir. Tá TG4 ag súil le obair a dhéanamh i gcomhpháirt leis na léiritheoirí agus na cruthaitheoirí teilifíse is fearr dá bhfuil ann le scéalta atá Gaelach, eisiach, spráúil agus físiúil a chruthú ag muintir na hÉireann do mhuintir na hÉireann agus pobal féachana eile ar fud an domhain.

“Tá muid an-bhuíoch den Rialtas agus go háirithe den Aire Catherine Martin as an méadú is mó riamh a chur ar bhuiséad TG4 do 2022. Ciallaíonn sé seo, don chéad uair le fada, go mbeidh muid in ann ábhar nua ar ard-chaighdeán a choimisiúnú gan a bheith ag brath ar thacaíocht ó thríú páirtí mar Chiste Fuaime agus Físe an BAI.

Leis na babhtaí coimisiúnaithe seo, ba mhaith linn smaointeoireacht nua agus tallann nua a spreagadh agus cuirfidh muid straitéis forbartha i bhfeidhm i 2023 chun cabhrú le comhlachtaí an tallann nua seo a aimsiú agus chun doras isteach inár dtionscal a oscailt do dhaoine nua.

Tá réimse leathan cláracha i gceist sna babhtaí coimisiúnaithe seo ach má tá smaoinemh agat atá ar ard-chaighdeán ach nach dtagann go hiomlán le sonraí an bhabhta, téigh i dteagmháil le Mary Ellen Ní Chualáin chun do smaoinemh a phlé.”

Alan Esslemont, Ard-Stiúrthóir

Beidh feidhmeannaigh de chuid TG4 ar fáil le haghaidh cruinnithe le daoine a léiríonn suim sa mbabhta seo. Chun eolas a fháil faoin mbealach le cruinniú a shocrú, nó má

tá aon cheisteanna agat maidir le haon chuid den bhabhta seo, cuir r-phost chuig Máire Uí Choisdealbha, maire.ui.choisdealbha@tg4.ie

Spríoc-am d'iarratais chuig TG4 – Dé Luan an 26 Meán Fómhar 2022

Ba chóir gach iarratas ar choimisiún a theacht chugainn tríd an gcóras ríomh-choimisiúnaithe mar cheangaltán [pdf](#) agus an buiséad (teimpléid TG4) mar cheangaltán excel. Ní dhéanfar iarratas a mheas nach bhfuil buiséad leis.

NB: Ní dhéanfar d'iarratas a mheas mura mbeidh na nithe seo san áireamh.

Le gach iarratas, ní mór féachaint ar na nithe seo a leanas

- Achoimre chruthaitheach faoin gclár nó faoin tsraith.
- Buiséad agus plean airgead ar theimpléad buiséid TG4.
- Léiritheoir & Stiúrthóir luaite chomh maith leis an bpríomhfhoireann taobh thiar den cheamara má tá sé réalaíoch.
- Cur chuige físiúil ón stiúrthóir má tá stiúrthóir roghnaithe ag an bpointe seo.
- Moltaí maidir le daoine cumasacha/rannpháirtithe atá le bheith ar an scáileán
- Sprioc-lucht féachana TG4 agus an sprioc-am craolta.
- Plean nó sceideal léiriúcháin
- Plean Margaíochta trasardáin

Ní mór na hiarratais a chur isteach go leictreonach. Mura bhfuil an comhlacht cláraithe, caithfear clárú ar dtús ar an suíomh eCoimisiúin <https://ecomm.tg4.ie>, agus an t-iarratas a uaslódáil roimh an sprioc-am tríd an rogha, 'Babhta Coimisiúnaithe 2023', ón roghchlár anuas. Gheobhaidh tú admháil leictreonach go huathoibríoch. Ní ghlacfar le hiarratais tar éis an sprioc-ama agus is faoi na comhlachtaí iad féin atá sé a chinntiú go bhfuil na hiarratais faighte againn.

Má tá aon cheisteanna agat maidir le haon chuid den bhabhta seo, cuir r-phost chuig Máire Uí Choisdealbha maire.ui.choisdealbha@tg4.ie

Glacfar le hiarratas ar an mbonn go gcomhlíonfaidh iarrthóir na hoibleagáidí reachtúla iomchuí uile.

Níl dualgas ar TG4 glacadh leis an iarratas is ísle praghais, ná le hiarratas ar bith. Beidh aon chonradh ag brath ar Theastas Imréitigh Cánach ó na Coimisinéirí Ioncaim. An tAcht um Shaoráil Faisnéise: Cuirtear in iúl d'iarrthóirí gur ceadmhach eolas a sholáthraítear a nochtadh don phobal faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Ba chóir d'iarrthóirí aird a tharraingt ar eolas íogair (más ann dó) agus an chúis gur eolas íogair é a chur in iúl. Ní féidir glacadh leis nach mbeidh dualgas ar TG4 eolas a eisiúint, fiú más dóigh leis an iarrthóir gur eolas íogair é agus go bhfuil sin curtha in iúl do TG4 aige.

Ní ann d'aon chineál ceangail – conartha nó aon chineál eile – go dtí go mbeidh conradh foirmiúil scríofa forghníofa ag TG4 nó nó thar a cheann.

FAISNÉIS/FÍORASACH (príomhsceideal TG4 2023/2024):

1. Fíorasach Náisiúnta

Faisnéis aonair uair an chloig nó sraith faisnéise suas le ceithre pháirt ina léirítear scéal láidir, tábhachtach atá feiliúnach do phríomhsceideal TG4 2023/2024. Leis na scéalta seo, is féidir súil ghéar a chaitheamh ar shaol na hÉireann trí bhreathnóireacht nó trí mheascán de mhodhanna scéalaíochta agus athchruthaitheacha.

Scéalta comhaimseartha nó scéalta stairiúla a bhfuil tábhacht comhaimseartha ar leith leo. Is féidir gach réimse scéalaíochta a bheith san áireamh idir próifíl, faisnéis, spórt, nádúr srl. ach é a bheith feiliúnach le craoladh ag 9:30pm san oíche.

Tá deis anseo cláracha fíorasacha aonaracha a sholáthar do TG4 a bheadh mar sheoid sceidil, a bhainfeadh gradaim amach agus a sheasfadh amach mar sheoid faisnéise aonair.

Tá rogha anseo gur maoiniú TG4 100% amháin nó is féidir ábhar a mholadh atá féidireachtaí cómhaoinithe aige.

Moltar scéalta atá uailmhianach, dearfach agus scéalta a chuireann deá - ghiúmar ar dhaoine go háirithe.

An chéad am craolta: Dé Céadaoin, 9.30pm

Formáid: Clár aonair nó sraith suas le ceithre pháirt x 50 nóiméad ar fad.

Lucht Féachana: Náisiúnta

Buiséad le meas togra ar togra.

Buiséad aonarach uair: €65,000 – €90,000

Buiséad uaire do mion-sraith: €65,000 - €75,000

Spríoc-am d'iarratais chuig TG4 – 5pm Dé Luan an 26 Meán Fómhair 2022

FÍORASACH CROÍ-LUCHT FÉACHANA NÓ FÍORASACH SIAMSÚIL (príomhsceideal TG4 2023/2024):

1. Fíorasach Croí-Lucht Féachana nó Fíorasach Siamsúil

Táimid sa tóir ar ábhar siamsúil, nuálach agus ábhartha do sceideal agus d'ardáin TG4 a thabharfadh inspioráid, cúis gháire agus deis éalaithe do chroí lucht féachana TG4. Téamaí comhaimseartha a thugann léargas dúinn ar dhuine, teaghlach, grúpa nó gairm. Fáilteofar roimh scéalta a bhaineann leis an dúlra, athrú aeráide, cúrsaí timpeallachta, tomhaltachas, faisean, tithíocht, cócaireacht, tógáil clainne, nó meascán de sheánraí.

Is fiú árd faoi leith a thabhairt ar sraitheanna siamsúil fíorasach don croí lucht féachana le deiseanna ath-choimisiúnú ó bhliain go bliain.

Tá deiseanna anseo talann nua a fhorbairt ar scáileáin agus taobh thiar den scáileáin, idir láithreoirí, cócairí agus saineolaí ar ábhar faoi leith.

An chéad am craolta: Lá seachtaine, 8 nó 8.30pm.

Formáid: Sraith de chláracha siamsaíochta fhíorasaí láidre, tarraingteacha 25 nó 50 nóiméad (4 x 25', 6 x 25' nó suas le 13 x 25')

Lucht Féachana: Croí-Lucht Féachana

Buiséad le meas togra ar togra.

Buiséad aonarach uair: €50,000 – €60,000

Spríoc-am d'iarratais chuig TG4 – 5pm Dé Luan an 26 Meán Fómhair 2022

2. Siamsaíocht/Siamsaíocht Fhíorasach don Teaghlaigh (príomhsceideal TG4 2023/2024):

Sraitheanna bríomhara a bheadh ina n-ábhar spéise agus siamsaíochta ag seantuismitheoirí, tuismitheoirí, agus leanaí araon agus iad ag ligean a scíthe tráthnóna Domhnaigh.

Táimid sa tóir ar smaointe atá iomlán nua nó formáidí cruthanta a tharraingeodh lucht féachana ginearálta teaghlaigh agus a chuirfeadh siamsaíocht ar fáil dóibh ar a mbeadh blas sainiúil na hÉireann le brath.

D'fhéadfadh gur shraitheanna iad seo a réamhthairfeadfaí i stiúideo nó in ionad feiliúnach eile iad bunaithe ar ábhar réaltachta, ar thréith agus féith na hoifidíochta, ar cheol nó ar chomórtasaíocht agus ba chóir go mbeadh ilghnéitheacht i gceist ó thaobh grinn, oifidíochta, iomaíochta, baoil, idirghníomhaíochta agus teannais de chun siamsaíocht den scoth a chinntiú.

Tá an-spéis againn freisin i bhformáidí nua siamsaíochta fíorasaí a bheadh feiliúnach don sprioc lucht féachana sa sliotán seo agus taifeadta ar an láthair timpeall na tíre. Cé gur dírithe ar theaghlaigh atá muid sa sliotán ama seo ní gá go mbeadh teaghlaigh nó gasúir páirteach i ngach sraith atá molta.

Ba chóir go mbeadh daoine cumasacha láidre ar an scáileán ina ghné thábhachtach d'aon smaointe a chuirfeadh chun tosaigh anseo agus gnáthphobal na hÉireann a bheith i gcroílár na siamsaíochta.

An chéad am craolta: Dé Domhnaigh 8.30pm.

Formáid: Sraitheanna siamsaíochta (4 x 25', 6 x 25' nó 8 x 25')

Lucht Féachana: Náisiúnta

Buiséad le meas togra ar togra.

Buiséad aonarach uair: €40,000 – €50,000

Spríoc-am d'iarratais chuig TG4 – 5pm Dé Luan an 26 Meán Fómhair 2022

CEOL(príomhsceideal TG4 2023/2024):

1. Siamsaíocht Ceoil Thraidisiúnta

Cláracha aonair nó sraitheanna cláracha uair an chloig ar fad le craoladh oíche Dhomhnaigh ar 21:30pm.

Fáilteofar roimh iarratais ar chláracha faisnéise agus thaibhsithe ceoil lena gcruthófaí ardáin agus cóiriú nua don cheol agus don amhránaíocht thraidisiúnta agus a dhéanfadh ceiliúradh ar shaibhreas ealaíona dúchasacha na tíre.

Is féidir réimse an cheoil a mheascadh le réimsí eile faisnéise, m.sh: cláracha taistil ceoil, beathaisnéise agus ceol a bheadh feiliúnach le craoladh sa príomhsceideal ceoil agus mar chlár aonair speisialta um Nollag/um Cháisc nó mar chomóradh ar amanna nó ócáidí faoi leith sa bhliain.

Moltar daoine cumasacha nua láithreachais agus tallann ceoil a fhorbairt.

An chéad am craolta: Dé Domhnaigh, 9.30pm.

Formáid: Sraith de chlár 50 nóiméad ar fad.

Lucht Féachana: Náisiúnta

Buiséad: €55,000 san uair uasmhéid

Spríoc-am d'iarratais chuig TG4 – 5pm Dé Luan an 26 Meán Fómhair 2022

2. Ceol Tíre (príomhsceideal TG4 2023/2024):

Tá an-tóir go dtí seo ar Cheol Tíre na hÉireann agus lucht féachana leathan aimsithe aige. Tá cláracha againn go dtí seo i bhfoirm ceolchoirme nó comórtais. Tá TG4 ag lorg aon formáidí eile den cineál seo ceoil a rachadh i bhfeidhm ar an lucht féachana is leithne ar an tslí chéanna.

An chéad am craolta: Dé Máirt, 9.30pm.

Formáid: Sraith de chláracha 25' nó 50' nóiméad ar fad.

Lucht Féachana: Náisiúnta

Buiséad: €40,000 san uair uasmhéid

Spríoc-am d'iarratais chuig TG4 – 5pm Dé Luan an 26 Meán Fómhair 2022

3. Siamsaíocht Cheoil NACH Ceol Traidisiúnta nó Ceol Tíre é (príomhsceideal TG4 2023/2024):

Tá féidireachtaí craoladh digiteach ar dtús nó mar tacaíocht don craoladh líneach anseo.

Sraitheanna ceoil a dtabharfaidh suíochán sa chéad líne do lucht féachana TG4 don chuid is fearr de cheol agus amhránaíocht comhaimseartha na tíre seo agus níos faide i gcéin.

Idir ceoltóirí aitheanta agus daoine cumasacha nua, ba chóir go meallfadh an t-ábhar seo lucht féachana níos óige (idir 25-35) go háirithe.

D'fhéadfadh sraith iarbheo mar seo a bheith cóirithe go speisialta do TG4 in ionad ar leith nó ceangailte le féile atá ar bun cheana féin. Is gá go mbeadh an Ghaeilge mar chuid lárnach den chóiriú atá molta agus go mbeadh cur chuige agus ton comhaimseartha, nuálach ag baint leis. Fáilteofar roimh ábhar breise digiteach mar chuid den iarratas seo chomh maith le comhpháirtithe eile maoinithe a bheith ceangailte.

An chéad am craolta: Dé Domhnaigh, 10.30pm/Samhradh agus Seinnteoir TG4

Formáid: Sraith clár 25' nó 50'

Lucht Féachana: Náisiúnta le béim ar leith ar lucht féachana idir 25-35

Buiséad: €40,000 san uair uasmhéid

Spríoc-am d'iarratais chuig TG4 – 5pm Dé Luan an 26 Meán Fómhair 2022

LUCHT FÉACHANA FAOI 35 (príomhsceideal TG4 2023/2024):

1. Ábhar do lucht féachana faoi 35

Táimid sa tóir ar ábhar siamsúil, nuálach agus ábhartha do sceideal agus d'ardáin TG4 a thabharfadh inspioráid, cúis ghéara agus deis éalaithe do lucht féachana idir 25 – 35 bliana go háirithe. Sraitheanna físiúla, ábhartha agus cruthaitheacha atá á lorg againn idir siamsaíocht fhíorasach, greann, formáidí agus eile.

Tá féidireachtaí craoladh digiteach ar dtús nó mar tacaíocht don craoladh líneach anseo.

Tá sé ríthábhachtach go mbeadh daoine cumasacha nua den scoth, Gaeilge nádúrtha, agus rannpháirtithe den sprioc-aoisghrúpa ar an scáileán.

Craolfar na sraitheanna seo i ndiaidh 21.30 san oíche mar sin, bí dána, bí cróga, bí spráúil, agus bí cruthaitheach!

- Tá deiseanna maoinithe forbartha ar fáil don réimse seo freisin.

Fáilteoidh TG4 roimh mion-sraitheanna do suas le 4 nó 6 x 50' sa réimse seo.

An chéad am craolta: i ndiaidh 21.30pm agus Seinnteoir TG4.

Formáid: Sraitheanna siamsaíochta fíorasáí, greann, formáidí agus eile. 25 nó 50' ar fad ag brath ar an gcoincheap.

Lucht Féachana: Daoine fásta idir 25-35

Buiséad: €60,000 san uair uasmhéid

Sprioc-am d'iarratais chuig TG4 – 5pm Dé Luan an 26 Meán Fómhair 2022

ABHÁR DO GHASÚR(príomhsceideal TG4 2023/2024):



1. Seo cluichí do pháistí (páistí 7-12 bhliain).

Sraith ina gcuirfeadh scoileanna nó clubanna nó buíon cairde in iomaíocht le chéile. Sraith uailmhianach agus físiúil ina mbeadh spraoi, iomaíocht, idirghníomhaíocht agus teannas.

Sraith ina ndíreofaí ar dhúshlán a bhaint amach seachas tráth na gceist amháin a dhéanamh.

Fáiltíonn muid roimh teicneolaíocht mar chuid den fhormaid ach tá sé tábhachtach go mbeadh an lucht féachana gníomhach agus ag baint spraoi as an dúshlán.

Fáiltíonn muid roimh théamaí faoi leith don fhormáid seo mar shampla seomraí éalaithe, mistéir, comórtais spóirt etc i stiúideo nó in ionad feiliúnach eile.

Ba chóir go mbeadh láithreoir/daoine cumasacha láidre ar an scáileán ina ghné thábhachtach d'aon iarratas chomh maith le plean léirithe agus feachtas chun iomaitheoirí a mhealladh.

An chéad am craolta: Cúla4 / Lá i rith na seachtaine.

Formáid: 26 x 25'

Lucht Féachana: Páistí, Croí-lucht féachana

Buiséad: €55,000 san uair uasmhéid

Spríoc-am d'iarratais chuig TG4 – 5pm Dé Luan an 26 Meán Fómhair 2022

2. Forbairt Drámaíochta Réamhscoile / Luathscoile

Is mian le TG4 sraith drámaíochta réamhscoile / luathscoile, chomhaimseartha charachtar-bhunaithe a fhorbairt do lucht féachana faoi 7 mbliana d'aois.

Ba chóir na smaointe a chuirfí faoinár mbráid a bheith uailmhianach, misniúil, cruthaitheach, siamsúil, spráúil agus feiliúnach don aoisghrúpa ar a bhfuil sé dírithe.

Ba chóir go luífeadh na sraitheanna a chuirfí faoinár mbráid go nádúrtha leis an nGaeilge agus go mbeadh siad taitneamhach do dhaoine óige a labhraíonn Gaeilge go rialta ach go mbeadh siad tarraingteach freisin do lucht féachana náisiúnta agus idirnáisiúnta níos leithne ó thaobh tuine, grinn, ábharthachta agus cur chuige stíle. Samplaí de shraitheanna Drámaíochta atá tarraingteach don lucht féachana seo ná S4C Deian a Loli , BBC/BBC ALBA ; Katie Morag

Ní mór na nithe seo a leanas a bheith san áireamh in iarratais lena bhforbairt:

- Achoimre ghearr & Achoimre (260 focal)
- Réamhleagan (250 focal)
- Snáithe na Sraithe (600 focal)
- Bíobla na gCarachtar (3-5 leathanach A4 gan íomhánna san áireamh)
- Breac-chuntas ar an tuin agus ar stíl fhísiúil an tionscadail, lena n-áirítear clár tobsmaointe. (1 leathanach A4)
- Sonraí maidir le príomhphearsanra cruthaitheacha agus daoine cumasacha cruthaitheacha léiriúcháin
- Buiséad forbartha (ní mór teimpléad buiséid TG4 a úsáid)
- Fianaise maidir le cearta Úinéireachta

Cuirfear trí thionscnamh ar ghearrliosta agus cuirfear maoiniú forbartha ar fiú suas le €25,000 é ar fáil dóibh chun an tsraith a thabhairt chuig leibhéal léiriúcháin.

Fáiltimid roimh iarratais lena bhforbairt ó chomhlachtaí léirithe a bhfuil an taithí chuí acu i ndrámaíocht d'ardchaighdeán a léiriú. Is mian linn scríbhneoirí, stiúrthóirí agus aisteoirí nua a bhfuil Gaeilge acu a thabhairt chun cinn mar chuid den phróiseas seo.

Ní mór scríbhneoir Gaeilge a bheith mar chuid den iarratas mar an príomhscríbhneoir nó mar chomhscríbhneoir.

An chéad am craolta: Bloc Cúla4 na nÓg

Formáid: 12 x 15' (solúbtha)

Lucht Féachana: Páistí / Croí lucht féachana

Buiséad: €25,000 don forbairt (3 cinn le roghnú)

Spríoc-am d'iarratais chuig TG4 – 5pm Dé Luan an 26 Meán Fómhair 2022

3. Siamsaíocht do Pháistí (páistí réamhscoile nó 6-12 bhliain).

Fáilteimid roimh iarratais ar ábhar beo-ghnímh (live action) ina mbeidh páistí nó láithreoirí cumasacha óga a mheallfaidh an lucht féachana ar an scáileán. Ábhar tarraingteach agus siamsúil, a spreagann fiosracht agus foghlaim, ach a bhfuil féith an ghrinn ag baint leo.

Lucht féachana luath bunscoile (5-7 mbliana)

Lucht féachana réamhscoile, faoi 5 bliana

Lucht féachana bunscoile (8-12 bhliain)

I gcás sraitheanna atá á bhforbairt, is fiú míreanna nó eilimintí a d'fhéadfaí a úsáid tras-ardán a bheith san áireamh.

An chéad am craolta: Lá i rith na seachtaine.

Formáid: Sraith de chláracha, fad éagsúil.

Lucht Féachana: Páistí, Croílucht féachana

Spríoc-am d'iarratais chuig TG4 – 5pm Dé Luan an 26 Meán Fómhair 2022